II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2020/1578 ÓN gCOMHAIRLE

an 29 Deireadh Fómhair 2020

lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2015/1755 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhurúin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2015/1755 ón gComhairle an 1 Deireadh Fómhair 2015 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhurúin ([1]), agus go háirithe Airteagal 13(4) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 1 Deireadh Fómhair 2015, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) 2015/1755.

(2) Ar bhonn athbhreithniú a rinne an Chomhairle, ba cheart an fhaisnéis a bhaineann le beirt daoine nádúrtha agus atá in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2015/1755 a leasú.

(3) Ba cheart Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2015/1755 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2015/1755 mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 29 Deireadh Fómhair 2020.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
M. ROTH

([1]) IO: 257, 2.10.2015, lch. 1.

IARSCRÍBHINN

San Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2015/1755, in ionad iontrálacha 1 agus 2 faoin gceannteideal "Liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí dá dtagraítear in Airteagail 1 agus 2", cuirtear an méid seo a leanas:

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Forais ainmniúcháin
"1.	Godefroid BIZIMANA	Inscne: Fireann Dáta breithe: 23.4.1968 Áit breithe: Nyagaseke, Mabayi, Cibitoke Náisiúntacht: An Bhurúin. Uimhir an Phas: DP0001520	"Chargé de missions de la Présidence" agus iarLeas-Ard-Stiúrthóir na bPóilíní Náisiúnta. An 31 Nollaig 2019, tugadh ardú céime do Bizimana go Príomh-Choimisinéir Póilíneachta. Freagrach as an mbonn a bhaint den daonlathas trí chinntí oibríochtúla a dhéanamh as ar eascair úsáid dhíréireach an fhornirt agus gníomhartha de bhrú faoi chois foréigneach i gcoinne léirsithe síochánta a thosaigh an 26 Aibreán 2015 tar éis fhógairt iarrthóireacht uachtaránachta Uachtarán Nkurunziza.
2.	Gervais NDIRAKOBUCA dá ngairtear freisin NDAKUGARIKA	Inscne: Fireann Dáta Breithe: 1.8.1970 Náisiúntacht: An Bhurúin. Uimhir an Phas: DP0000761	An tAire Gnóthaí Baile, Forbartha Pobail agus Slándála Poiblí ó mhí an Mheithimh 2020 ar aghaidh. Iarcheannaire Oifig Rialtais na hUachtaránachta ("Présidence") a bhí freagrach as cúrsaí a bhaineann leis na Póilíní Náisiúnta idir Bealtaine 2013 agus Samhain 2019, agus iar-Ard-Stiúrthóir na Seirbhíse Náisiúnta Faisnéise idir Samhain 2019 agus Meitheamh 2020. Freagrach as bac a chur ar an iarracht teacht ar réiteach polaitiúil sa Bhurúin trí threoracha a thabhairt as ar eascair úsáid dhíréireach an fhornirt, gníomhartha foréigin, gníomhartha diansmachta agus sáruithe ar an dlí idirnáisiúnta ar léirsitheoirí a bhí ag agóid ón 26 Aibreán 2015 ar aghaidh, tar éis fhógairt iarrthóireacht uachtaránachta an Uachtaráin Nkurunziza, lena n-áirítear an 26, an 27 agus an 28 Aibreán 2015 sna dúichí Nyakabiga agus Musaga in Bujumbura."